Ag Tacú le Cruthú Post

Faoisimh chánach,

asbhaintí agus

díolúintí

Treoir na gCoimisinéirí Ioncaim

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

RPC001512_GA_WB_L_1

Clár Ábhair

1. **Réamhrá**

2. **Scéim Postchúnaimh Na gCoimisinéirí Ioncaim**

3. **Faoiseamh Cánach do Chuideachtaí Nuathionscanta (Alt 486C den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997)**

4. **An Scéim Síolchaipitil: Aisíocaíochtaí Cánach d'Fhiontair Nua**

5. **An Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta**

6. **Faoiseamh i gcomhair Athoiliúna**

7. **Deontais Fostaíochta agus Fóirdheontais Earcaíochta áirithe le híoc Saor ó Cháin**

Misean na gCoimisinéirí Ioncaim

Freastal ar an bpobal
trí cháin agus dleacht a bhailiú
go cothrom agus go héifeachtach
agus srianta onnmhairithe
agus allmhairithe a chur i bhfeidhm.

Tá sé i gceist leis an Treoir seo cur síos a dhéanamh ar an ábhar ar bhonn ginearálta. Mar sin, ní dhéantar iarracht gach saincheist a d'fhéadfadh a theacht aníos maidir leis an ábhar a chlúdach. Ní léirmhíniú dlí ar na forálacha reachtúla atá i gceist léi, agus mar sin, ní féidir aon fhreagracht a ghlacadh as dliteanas ar bith a thabhaítear nó aon chaillteanais a tharlaíonn mar thoradh ar a bheith ag brath ar aon ábhar atá foilsithe anseo.

1. Réamhrá

Is é an aidhm atá leis an treoir seo ná breac-chuntas ghinearálta a thabhairt maidir leis na faoisimh, na hasbhaintí agus na díolúintí cánacha a chuireann le cruthú post.

Cé go bhfuil iarracht déanta againn breac-chuntas réasúnta cuimsitheach a thabhairt maidir le gach scéim/faoiseamh, d'fhéadfadh sé go mbeidh tuilleadh eolais uait maidir leis na scéimeanna nó na faoisimh ar leith ina bhfuil suim agat. Más amhlaidh atá, is féidir leat rochtain a fháil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim **www.revenue.ie/ga** nó teagmháil a dhéanamh leis an oifig is gaire duit de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. D'fhéadfadh sé go mbeadh suim agat i mbileog eolais na gCoimisinéirí Ioncaim **IT48 "Starting in Business" (Ag bunú gnó)**, atá ar fáil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.

2. Scéim Postchúnaimh Na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá Scéim Postchúnaimh na gCoimisinéirí Ioncaim deartha chun daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a spreagadh chun glacadh le fostaíocht agus chun dreasacht a thabhairt d'fhostóirí daoine mar sin a fhostú.

Sochar do na fostaithe

Is liúntas é Postchúnamh na gCoimisinéirí Ioncaim a thógtar ó ioncam iomlán an fhostaí incháilithe chun ioncam inchánach a ríomh sula gcuirtear rátaí cánacha i bhfeidhm, agus mar sin lena dtugtar faoiseamh ag ráta imeallach cánach an duine aonair.

Tá forálacha in Alt 472A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 a fhágann gur féidir asbhaint a dhéanamh ó ioncam iomlán aon duine atá dífhostaithe go fadtéarmach sna trí bliana chánach tar éis dó nó di glacadh le fostaíocht. Tá asbhaint bhreise ar fáil freisin i leith gach linbh cháilithigh. Tugtar an Liúntas Postchúnaimh ar an bhfaoiseamh.

Sochar do na fostóirí

Tá forálacha in Alt 88A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 chun asbhaint dhúbailte a dhéanamh nuair a bhíonn brabús maidir le ceird nó gairm á ríomh ó thaobh tuilleamh, agus i leith ranníocaíocht ÁSPC an fhostóra ar na tuillimh sin, arna n-íoc le fostaí incháilithe san chéad 36 mí d'fhostaíocht incháilithe.

Tá sonraí iomlána na scéime leagtha amach i mbileoga eolais **IT58** agus **IT59** atá ar fáil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.

3. Faoiseamh Cánach do Chuideachtaí Nuathionscanta (Alt 486C den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997)

Achoimre

Déantar foráil in Alt 486A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 d'fhaoiseamh ó Cháin Chorparáide do chuideachtaí nuathionscanta sna chéad trí bliana trádála. Cuirtear an faoiseamh sin ar fáil i leith brabús ó thrádáil nua agus gnóthachain inmhuirir ar dhiúscairt sócmhainní a úsáidtear sa trádáil. Bíonn faoiseamh i gceist i gcás ina bhfuil an Cháin Chorparáide iomlán iníoctha i leith tréimhse chuntasaíochta níos ísle ná €40,000, le faoiseamh imeallach ar fáil i gcásanna ina bhfuil an Cháin Chorparáide iníoctha idir €40,000 agus €60,000.

Tá luach an fhaoisimh nasctha leis an méid ÁSPC Fostóirí atá íoctha ag cuideachta i dtréimhse cuntasaíochta, faoi réir ag uasmhéid €5,000 in aghaidh an fhostaithe mar aon le teorainn

fhoriomlán €40,000. Tugtar creidmheas freisin i leith aon ÁSPC d'fhostóirí atá díolmhaithe faoin Scéim Dreasachta Poist (ÁSPC) d'Fostóirí i leith fostaithe na cuideachta chun an faoiseamh cánach corparáide atá ar fáil don chuideachta a ríomh.

Eisiaimh ó fhaoiseamh

Ní bhaineann an scéim le trádáil a bhí ar bun cheana féin ag duine eile nó a bhí mar chuid de thrádáil duine eile, trádáil a bhaineann le díol nó forbairt talún nó taiscéalaíocht agus eatóscadh acmhainní nádúrtha, trádáil atá comhdhéanta de ghníomhaíochtaí "cuideachta seirbhíse" mar a shainítear í in Alt 441 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (lena n-áirítear cuideachtaí a bhfuil a ngnó comhdhéanta de chur i gcrích gairme nó soláthar seirbhísí gairmiúla nó feidhmiú oifige nó poist). Baineann an t-eisiamh le trádáil bunaithe ag cuideachta nua, a mbeadh na gníomhaíochtaí, dá mbeidís ar siúl ag cuideachta comhlachaithe den chuideachta nua, ina gcuid de thrádáil reatha na cuideachta comhlachaithe.

Tuilleadh Sonraí

Tá sonraí na scéime faoisimh ó Cháin Chorparáide do chuideachtaí nuathionscanta (Alt 486 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997) leagtha síos in **Faisnéisiú Cánach Uimh. 6 de 2010** agus **Uimhir 1 de Mhárta 2011.**

4. An Scéim Síolchaipitil: Aisíocaíochtaí Cánach d'Fhiontair Nua

Achoimre

Más fostaí nó duine dífhostaithe tú nó má rinneadh iomarcach thú le déanaí, agus má tá suim agat do ghnó féin a thosú, d'fhéadfadh sé go mbeifeá i dteideal úsáid a bhaint as an aisíoc cánach atá ar fáil faoin Scéim Síolchaipitil.

Is féidir le duine aonair nó le fostaí dífhostaithe a fhágann fostaíocht agus a dhéanann infheistíocht trí scaireanna i gcuideachta, a chuireann gnó nua ar bun, aisíocaíocht den cháin ioncaim a íocadh i mblianta roimhe sin a éileamh.

An Aisíocaíocht

- D'fhéadfá an cháin ioncaim go léir a d'íoc tú le sé bliana a fháil, má tá d'infheistíocht sách mór,
- Is féidir leat na blianta cánach ar féidir leat aisíocaíochtaí a éileamh ina leith a roghnú ó aon cheann den sé bliana roimh an bhliain infheistíochta nó ó na sé bliana go léir. Ní mór d'infheistíocht a éileamh suas go huasmhéid d'ioncam iomlán i ngach ceann de na blianta roghnaithe (faoi réir uasmhéid de €100,000). Níl aon áis ar fáil trínar féidir an infheistíocht a leathadh thar roinnt blianta ionas gur féidir úsáid a bhaint as liúntais phearsanta i ngach bliain,
- Tá an aisíocaíocht teoranta don cháin a d'íoc tú i gcás gach ceann de na blianta atá roghnaithe, le huasteorainn de €100,000 ar an gcáin a íocadh in aon bhliain,
- Is féidir an aisíocaíocht a éileamh chomh luath is a théann an chuideachta i mbun trádála,
- Má fuair tú faoiseamh um Scéim Méadaithe Gnó cheana féin i gcás aon cheann den sé bliana atá roghnaithe is é an méid faoisimh atá ar fáil duit ná an difríocht idir €100,000 agus méid na hinfheistíochta bunaidh sa Scéim Méadaithe Gnó,
- Is féidir leat aisíocaíocht a fháil ar an mbealach sin ar dhá infheistíocht sa chuideachta a dhéantar laistigh de thréimhse trí bliana. Ní mór an dá infheistíocht a dhéanamh sa chuideachta chéanna, áfach.

Tá sonraí iomlána na scéime, lena n-áirítear na coinníollacha a bhaineann leatsa mar infheisteoir agus na coinníollacha a bhaineann leis an gcuideachta, leagtha amach i mbileog eolais **IT15** atá ar fáil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim **www.revenue.ie/ga**.

5. An Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta

Tugadh an tionscnamh seo isteach faoin Acht Airgeadais 2011 agus déanann sé athchóiriú agus síneadh ar an Scéim Méadaithe Gnó mar a tugadh air roimhe sin.

Achoimre

Cuireann an scéim ar chumas duine incháilithe a dhéanann infheistíocht incháilithe (uasmhéid €150,000 do bhliain aonair ar bith) i gcuideachta incháilithe tríocha daichead is a haonú (.i. 30/41) de chostas na hinfheistíochta a asbhaint óna n-ioncam iomlán i mbliain na hinfheistíochta. Ceadófar asbhaint bhreise de aon déag daichead is a haonú (.i. 11/41) de chostas na hinfheistíochta, má tharlaíonn sé, thar thréimhse shealbhaíochta trí bliana, go bhfuil a líon fostaithe méadaithe ag an gcuideachta nó go bhfuil a caiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt méadaithe aici.

Féadfar an infheistíocht a thabhairt ar aghaidh go blianta amach anseo murar féidir leis an infheisteoir an asbhaint iomlán dá bhfuil sé nó sí i dteideal a thógáil in aon bhliain amháin. Ní mór don duine aonair an infheistíocht a shealbhú ar feadh trí bliana ar a laghad. Tá sé beartaithe faoi láthair deireadh a chur leis an scéim in 2013.

Tá sonraí iomlána na gcoinníollacha a bhaineann leis an infheistíocht, leis an gcuideachta agus le gníomhaíochtaí cáilíochta na cuideachta ar fáil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim **www.revenue.ie/ga**.

6. Faoiseamh i gcomhair Athoiliúna

I gcás ina dtabhaíonn fostóir, mar chuid de phacáiste iomarcaíochta fostaí, an costas a bhaineann leis an bhfostaí a athoiliúint - mar shampla, chun an deis a bheidh aige nó aici post a fháil tar éis na hiomarcaíochta a fheabhsú - ní bheidh an chéad €5,000 inchánach i lámha an fhostaí atá ar iomarcaíocht.

Tá íocaíochtaí iomarcaíochta reachtúla díolmhaithe ó cháin. Ina theannta sin, tá íocaíochta iomarcaíochta ex gratia os cionn na hiomarcaíochta reachtúla, **lena n-áirítear soláthar athoiliúna**, saor ó cháin freisin suas go teorainneacha reachtúla áirithe.

Ní mór an athoiliúint a bheith:

- d'fhostaí ag a bhfuil os cionn dhá bhliain de sheirbhís lánaimseartha leanúnach,
- ina cuid de phacáiste iomarcaíochta agus é deartha chun feabhas a chur ar scileanna nó ar eolas a úsáidtear chun fostaíocht a fháil nó chun gnó a bhunú,
- curtha i gcrích laistigh de shé mhí ón uair a ndéantar an fostaí iomarcach.

Ní bhaineann an díolúine le céile, páirtí sibhialta nó cleithiúnaithe an fhostóra, agus ní mór don fhostaí leas a bhaint as an oiliúint ós rud é nach féidir leis nó léi airgead a thógáil ina áit.

7. Deontais fostaíochta agus fóirdheontais earcaíochta áirithe le híoc saor ó cháin.

Leis an rannán seo déantar foráil go bhfuil neamhaird le déanamh ar dheontais fostaíochta nó ar fhóirdheontais earcaíochta áirithe a íoctar le fostóir a fhostaíonn duine nó daoine faoi scéimeanna fostaíochta áirithe, chun críocha uile na nAchtanna Cánacha.

Is iad na deontais agus na fóirdheontais ábhartha iad siúd a íoctar:

- faoin scéim um fhilleadh ar an obair arna riar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí,
- faoi aon scéim arna bhunú ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a chuireann chun cinn fostaíocht daoine aonair a bhí dífhostaithe le trí bliana nó níos mó,
- faoi aon chomhaontú oibriúcháin idir an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus na Boird Fiontar Contae,
- ar nó tar éis an 6 Aibreán 1997, faoin Scéim Tacaíochta Fostaíochta arna riar ag an Údarás Náisiúnta Míchumais,
- ar nó tar éis an 6 Aibreán 1997, faoin Treoirthionscadal um Fhostaíocht Dhaoine le míchumais arna riar ag an nGrúpa Rehab,
- faoi Scéimeanna Comhpháirtíochta Ceantair, arna riar ag Area Development Management Limited faoi Chlár Oibriúcháin an AE um Fhorbairt Áitiúil, Uirbeach agus Tuaithe,
- faoin gClár Speisialta um Shíocháin agus Athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i gContaetha na Teorann, nó
- faoi aon tionscnamh de chuid an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn.